



SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT AG AN OBAIR

Ó na 1980idí, is saincheist thábhachtach do AE í sláinte agus sábháilteacht ag an obair. Nuair a tugadh isteach reachtaíocht ar an leibhéal Eorpach, leagadh síos íoschaighdeán do chosaint oibrithe, agus cuireadh ar chumas na mBallstát bearta níos déine a choinneáil nó a thabhairt isteach. Nuair a tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm, rinneadh Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ceangailteach ó thaobh an dlí de, rud a rinne réimse níos tábhachtaí de reachtaíocht AE den bheartas sláinte agus sábháilteachta.

AN BUNÚS DLÍ

Airteagail 91, 114, 115, 151, 153 agus 352 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

CUSPÓIRÍ

Ar bhonn Airteagal 153 CFAE, spreagann AE feabhsuithe sa timpeallacht oibre trí dhálaí oibre a chomhchuíbhíú chun sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint. Chuige sin, leagtar síos íoscheanglais ar leibhéal AE lena gcuirtear ar chumas na mBallstát leibhéal níos airde cosanta a thabhairt isteach ar an leibhéal náisiúnta más mian leo. Foráiltear sa Chonradh freisin nach mór do na teoracha arna nglacadh gan bacainní riaracháin, airgeadais nó dlíthiúla a fhorchur lena gcuirfí srian ar chruthú agus ar fhorbairt FBManna.

A BHFUIL BAINTE AMACH

A. Forbairt institiúideach

Faoi choimirce an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach (CEGC), rinneadh cláir thaighde éagsúla i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ceirde ag an obair (SSC). Tháinig an gá a bhí ann le cur chuige domhanda maidir leis an gceist chun soiléireachta le bunú CEE in 1957. Bunaíodh an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht, Sláinte agus Cosaint Sláinte ar an Láthair Oibre in 1974 chun cuidiú leis an gCoimisiún. Bhí gá le híoscheanglais i dtaca le SSC chun an margadh aonair Eorpach a thabhairt i gcrích. Dá bhrí sin, glacadh roinnt teoracha, amhail 82/605/CEE (arna hionadú le [Treoir 98/24/CE](#)) maidir le cosaint in aghaidh na rioscaí atá ceangailte le luaidhe mhiotalach, Treoir 83/477/CEE (arna leasú go deireanach le [Treoir 2009/148/CE](#)) maidir le haispeist, agus Treoir 86/188/CEE (arna leasú go deireanach le [Treoir 2003/10/CE](#)) maidir le torann.



1. An Ionstraim Eorpach Aonair

Nuair a glacadh an [Ionstraim Eorpach Aonair](#) in 1987, tugadh sláinte agus sábháilteacht ag an obair isteach i gConradh CEE den chéad uair in Airteagal lenar leagadh síos íoscheanglais agus lenar cuireadh ar chumas na Comhairle treoracha maidir le sláinte agus sábháilteacht cheirde a ghlacadh trí thromlach cáilithe. Is iad na haidhmeanna a bhí i gceist ná: sláinte agus sábháilteacht na n-oibrithe ag an obair a fheabhsú; dálaí a chomhchuibhiú sa timpeallacht oibre; cosc a chur ar 'dhumpáil shóisialta' agus tabhairt i gcrích an mhargaidh aonair ag gluaiseacht chun cinn; agus cosc a chur ar chuideachtaí bogadh chuig áitribh le leibhéal cosanta níos ísle chun buntáiste iomaíoch a fháil.

2. Conradh Amstardam (1997)

Nearthaigh [Conradh Amstardam](#) stádas na saincheisteanna fostaíochta tríd an teideal maidir le fostaíocht agus an Comhaontú Sóisialta a thabhairt isteach. Den chéad uair, trí bhíthin an nós imeachta chomhchinnteoireachta ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle araon treoracha lenar leagadh amach íoscheanglais i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair agus i réimse na ndálaí oibre.

3. Rannchuidiú Chonradh Liospóin (2007)

Tá 'clásal sóisialta' i g[Conradh Liospóin](#) faoinar gá ceanglais shóisialta a chur i gcuntas i mbeartais an Aontais. Nuair a tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm, rinneadh [Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh](#) ceangailteach ó thaobh an dlí de do na Ballstáit nuair a chuireann siad dlí AE i bhfeidhm.

4. Colún Eorpach na gCeart Sóisialta (2017)

Le [Colún Eorpach na gCeart Sóisialta](#), arna shíniú ag an gComhairle, ag an gCoimisiún agus ag an bParlaimint i mí na Samhna 2017, leagtar amach 20 ceart agus prionsabal, lena n-áirítear an ceart chun dálaí oibre lena n-urramaítear sláinte, sábháilteacht agus dínit oibrithe a chumhdaítear in Airteagal 31 den Chairt um Chearta Bunúsacha. Cé nach bhfuil an pacáiste ceangailteach ó thaobh dlí de ann féin, is pacáiste é de bhearta reachtacha agus dlí bog, a bhfuil sé mar aidhm leis cóineasú i gcoinníollacha cónaithe agus oibre in AE a chur chun cinn.

B. Garspriocanna: Treoracha agus an Gníomhaireacht Eorpach um Shláinte agus Sábháilteacht Cheirde

1. Treoir Réime 89/391/CEE agus treoracha aonair

Bhí Airteagal 137 de Chonradh Nice (Airteagal 53 CFAE anois) ina bhunús d'iarrachtaí AE chun feabhas a chur ar an timpeallacht oibre d'fhonn sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint. Ba chloch mhíle é nuair a glacadh [Treoir Réime 89/391/CEE](#), leis an mbéim shonrach ar chultúr an choisc a bhí inti. Rinneadh foráil inti do bhearta coisctheacha, faisnéis, comhairliúchán, rannpháirtíocht chothrom agus oiliúint d'oibrithe agus a n-ionadaithe san earnáil phríobháideach agus phoiblí.

Tá an Treoir Réime ina bunús do níos mó ná 25 threoir ar leith i réimsí éagsúla agus do [Rialachán \(CE\) Uimh. 2062/94 ón gComhairle](#) lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus um Shláinte ag an Obair. Bhí tionchar ar ghníomhartha reachtacha eile aici freisin, ar ghníomhartha iad a bhain le hoibrithe gníomhaireachta sealadacha agus gnéithe den am oibre i dtreoracha éagsúla.



Ar na treoracha ar leith, bhí na cinn seo a leanas:

- Ceanglais sláinte agus sábháilteachta don áit oibre (89/653/CEE) agus soláthar comharthaí sábháilteachta agus/nó sláinte ag an obair (92/58/CEE);
- Úsáid trealaimh oibre (89/665/CEE arna leasú ag Treoir 2001/45/CE agus ag Treoir 2009/104/CE); trealaimh cosanta pearsanta (89/656/CEE) agus obair le trealamh scáileán taispeána (90/270/CEE) agus láimhseáil de láimh (90/269/CEE);
- Earnálacha: láithreáin tógála shealadacha nó shoghluaiste (92/57/CEE); tionscail asbhainte mianraí (druileáil) (92/91/CEE; 92/104/CEE) soithí iascaireachta (93/103/CE);
- Grúpaí: oibríthe torracha (92/85/CEE) agus cosaint daoine óga ag an obair (94/33/CE);
- Oibreáin: nochtadh do charcanaiginí (90/394/CEE), agus an Treoir maidir le hoibríthe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair (2004/37/CE); oibreáin cheimiceacha (98/24/CE arna leasú ag Treoir 2000/39/CE agus ag Treoir 2009/161/AE); oibreáin bhitheolaíoch a ag an obair (2000/54/CE) agus cosaint i gcoinne radaíocht ianúcháin (Treoir 2013/59/Euratom lena n-aisghairtear treoracha gaolmhara roimhe sin); cosaint oibríthe a d'fhéadfadh bheith i mbaol ó atmaisféir phléascacha (99/92/CE); nochtadh oibríthe do rioscaí a bhaineann le hoibreáin fhisiceacha (creathadh) (2002/44/CE), torann (2003/10/CE), réimsí leictreamaighnéadacha (2004/40/CE arna leasú ag Treoir 2013/35/AE) agus radaíocht optúil shaorga (2006/25/CE);
- Substaintí: oiriúnú ar threoracha éagsúla maidir le rangú, lipéadú agus pacáil substaintí agus meascán (Treoir 2014/27/AE).

Thóg sé cúpla bliain chun [Treoir 2004/37/CE](#), maidir le hoibríthe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair, a thabhairt cothrom le dáta. cumhdaíodh an chéad bhaisc ina raibh 13 shubstaint i [dtogra ó mhí Bealtaine 2016](#), a glacadh ar deireadh i mí na Nollag 2017. Glacadh an [dara togra ó mhí Eanáir 2017](#) lena n-athbhreithnítear teorainneacha le haghaidh seacht substaint eile i mí Eanáir 2019, nuair a d'éirigh leis an bParlaimint luach teorann nochta ceirde do sceitheadh innill díosail a chur san áireamh sa raon feidhme. Rinneadh an [tríú togra ó mhí Aibreáin 2018](#), ina gcumhdaítear cúig shubstaint eile a úsáidtear i miotaleolaíocht, leictreaphlátáil, mianadóireacht, athchúrsáil, saotharlanna agus cúram sláinte, a ghlacadh ar deireadh i mí an Mheithimh 2019 mar Threoir 2019/983. Ar deireadh thiar, i mí Mheán Fómhair 2020, leis an gceathrú athbhreithniú ar an treoir socraíodh luachanna nua nó athbhreithnithe le haghaidh na dt trí shubstaint is cúis le hailse. Tá an togra ar an gcéad tionscnamh de chuid Phlean na hEorpa um Ailse a chomhrac, plean atá ar na bacáin.

Is slí eile chun reachtaíocht shóisialta a thionscnamh iad comhaontuithe comhpháirtithe sóisialta a thugtar i gcríoch taobh istigh den idirphlé sóisialta ([2.3.7](#)). I mí na Nollag 2016 ghlac an Chomhairle Treoir 2017/159/AE, lena gcuirtear chun feidhme comhaontú na gcomhpháirtithe sóisialta maidir le dálaí oibre san earnáil iascaigh ar thángthas air in 2013. Thóg sé breis is ceithre bliana, áfach, comhaontú comhchosúil a chur chun



feidhme d'earnáil na gruaigearachta, mar gheall ar athbhreithniú ar shaothar iomlán na reachtaíochta a bhain le sláinte agus sábháilteacht cheirde mar chuid de chlár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála an Choimisiúin (REFIT).

2. An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA)

Cuireadh an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, atá lonnaithe in Bilbao, ar bun in 1996. Tá sé mar aidhm léi malartú eolais agus faisnéise a chothú chun cultúr de chosc ar rioscaí a chur chun cinn. Tá ardán gréasán-bhunaithe forbartha aici do [Mheasúnú Riosca idirghníomhach ar Líne \(OiRA\)](#), ina bhfuil uirlisí don mheasúnú riosca earnálach a oireann do FBManna i ngach teanga, agus an [ríomh-uirlis do Shubstaintí Contúirteacha](#), a sholáthraíonn comhairle chuideachta-shonrach maidir le substaintí contúirteacha agus táirgí ceimiceacha agus maidir le conas dea-chleachtais agus bearta cosanta a chur i bhfeidhm. In 2015, thug OSHA an Aontais Eorpaigh i gcrích [athbhreithniú ar thionscnaimh thagarmharcála rathúla maidir le sláinte agus sábháilteacht cheirde](#) a chuir ar chumas eagraíochtaí próisis sláinte agus sábháilteachta a chéile a chur i gcomparáid. In 2016, thug sé i gcrích [treoirthionscadal maidir le sláinte agus sábháilteacht oibríthe scothaosta](#), a mhair trí bliana, a thionscain an Coimisiún ar iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa. Sa bhreis air sin, ó 2000, reáchtáilann an Ghníomhaireacht feachtais ardaithe feasachta 'Áiteanna Oibre Sláintiúla' bhliantúla maidir le hábhair éagsúla a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht. Díríonn feachtas 2020-2022 ar neamhoird mhatánchnámharlaigh (MSDanna) atá bainteach leis an obair a chosc.

C. Cláir ghníomhaíochta Chomhphobail agus straitéisí maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair

Idir 1951 agus 1997, bhí cláir thaighde CEGC ag feidhmiú i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair. Leis an gClár Oibre Sóisialta Eorpach, arna ghlacadh in 2000, rannchuidíodh le cur chuige níos straitéisí maidir leis an gceist ar leibhéal AE. Ina dhiaidh sin, ghlac straitéis 2002-2006 an Chomhphobail maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair do 2002 go dtí 2006 cur chuige domhanda d'fholláine san áit oibre.

Bhí straitéis an Chomhphobail do 2007-2012 dírithe ar chosc. Is é a bhí mar aidhm léi ná laghdú leanúnach a bhaint amach i dtionóiscí ceirde agus i ngalair cheirde in AE, go háirithe trí shainiú agus cur chun feidhme straitéisí náisiúnta, feabhsú agus éascú na reachtaíochta atá ann cheana, agus cur chun feidhme níos fearr na reachtaíochta sin trí dhea-chleachtais a mhalartú, feasacht a mhúscailt agus faisnéis agus oiliúint a fheabhsú.

I mí an Mheithimh 2014, d'fhoilsigh an Coimisiún Creat Straitéiseach AE maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair 2014-2020, a ghlac an Chomhairle i mí an Mhárta 2015. Is é atá mar aidhm leis an gCreat ná aghaidh a thabhairt ar thrí mhórdhúshlán: na rialacha atá ann cheana a fheabhsú agus a éascú, cosc ar ghalair a bhaineann leis an obair a neartú, lena n-áirítear rioscaí nua, agus dul in aois an fhórsa saothair a chur san áireamh. Tugtar aird ar leith ar riachtanais na micreaghnlachtaí agus na ngnólachtaí beaga. De bhreis air sin, dhírigh an teachtaireacht ón gCoimisiún



ó 2017, maidir le hobair níos sábháilte agus níos folláine, ar nuachóiriú a dhéanamh ar reachtaíocht agus ar bheartas SSC an Aontais Eorpaigh.

Mar chuid dá chlár oibre le haghaidh 2021, tabharfaidh an Coimisiún chun tosaigh creat nua de chuid an Aontais Eorpaigh don tSábháilteacht agus Sláinte ag an obair don tréimhse 2021-2027. Cosúil le straitéisí roimhe seo, tá sé i gceist leis an gcreat nua seo go spreagar glacadh nó athbhreithniú straitéisí náisiúnta SSC a bhfuil sé beartaithe leo gníomhartha comhordaithe a spreagadh ar leibhéal éagsúla, a mbeadh na Ballstáit, páirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí lárnacha eile rannpháirteach iontu. Freagraíonn an Teachtaireacht sin atá ar na bacáin freisin do na Conclúidí le déanaí ón gComhairle agus do thuairimí ón gCoiste Comhairleach tríthaobhach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, agus ó Choiste na gCigirí Sinsearach Saothair.

Ó thosaigh eipidéim COVID-19, rinne an Coimisiún bearta chun sláinte agus sábháilteacht oibríthe a áirithiú Go háirithe, i mí an Mheithimh 2020, tugadh cothrom le dáta an Treoir maidir le Gníomhairí Bitheolaíoch (2000/54/CE) ionas go n-áireofaí SARS-CoV-2 ar liosta na ngníomhairí bitheolaíoch, chun go gcuirfí i gcuntas rioscaí nua sa spás oibre. D'iarr an Coimisiún ar fhostóirí measúnú a dhéanamh ar na rioscaí agus bearta coiscitheacha a ghlacadh chun díobháil a íoslaghdú, go háirithe dóibhsean a oibríonn i dteagmháil dhíreach leis an víreas. I mí Aibreáin 2020, d'eisigh an Coimisiún treoir maidir le dul ar ais ag obair tar éis dianghlása.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá an Pharlaimint tar éis béim a leagan go minic ar an ngá atá leis an gcosaint is fearr a bheith ann do shláinte agus sábháilteacht oibríthe. Ghlac sí rúin ina n-iarrann sí go gcumhdófaí le reachtaíocht AE na gnéithe uile a mbíonn éifeacht acu go díreach nó go hindíreach ar fholláine fhisiciúil nó mheabhrach na n-oibríthe. Bhí tionchar suntasach ag an bParlaimint freisin ar threoracha a fheabhsaíonn coinníollacha oibre. Tacaíonn sí leis an gCoimisiún ina iarrachtaí chun cur ar fáil faisnéise do FBManna a fheabhsú. Tá sí den tuairim gur gá obair a oiriúnú do chumais agus do riachtanais daoine, agus gan a mhalairt a dhéanamh, agus gur cheart, i dtimpeallachtaí oibre, aird níos mó a thabhairt ar riachtanais speisialta oibríthe leochaileacha. Tá an Pharlaimint tar éis tathant ar an gCoimisiún imscrúdú a dhéanamh ar rioscaí atá ag teacht chun cinn, ar rioscaí iad nach gcumhdaítear leis an reachtaíocht reatha, e.g. nochtadh do nanacháithníní, strus, spíonadh, foréigean agus ciapadh ag an obair.

Go háirithe, bhí ról tábhachtach aici i nglacadh an Chreat-Chomhordaithe maidir le cosc ar ghortuithe géara san earnáil ospidéal agus cúraim sláinte, a cuireadh chun feidhme le [Treoir 2010/32/AE ón gComhairle](#). Tá iarrtha aici freisin go bhfeabhsófaí an reachtaíocht atá ann cheana maidir le cosaint oibríthe torracha, agus le cosaint oibríthe ar neamhoird mhatánchnámharlaigh. Áirítear ar iarrataí tábhachtacha eile treoir a bhunú lena leagfar síos íoschaighdeáin d'aitheantas a thabhairt do ghalair cheirde, agus leathnú raon feidhme [Threoir Réime 89/391/CEE](#) chun grúpaí áirithe oibríthe a chur san áireamh (amhail na fórsaí armtha, daoine féinhostaithe, oibríthe tí agus oibríthe baile).

I mí an Mheithimh 2010, dhiúltaigh an Pharlaimint don togra ón gCoimisiún maidir leis an Treoir maidir le ham oibre oibríthe taistil iompair de bhóthar a leasú, mar níor



aontaigh sí gur cheart oibríthe féinfhostaithe a eisiámh ó raon feidhme na Treorach. Mar thoradh air sin, tharraing an Coimisiún a thogra siar.

Ina rún an 25 Samhain 2015, ag freagairt do ghlacadh an Chreata maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair 2014-2020 ag an gCoimisiún, chuir an Pharlaimint in iúl gur cúis áiféala di nár leagadh amach spriocanna sonracha ar bith sa chreat agus d'iarr sí go gcuirfí san áireamh bearta nithiúla reachtacha agus neamhreachtacha tar éis athbhreithniú meántéarma in 2016.

I mí Mheán Fómhair 2018 ghlac an Pharlaimint rún maidir le conairí chun oibríthe atá ag téarnamh ó ghortú agus ó thinneas a aithimeascadh i bhfostaíocht ardchaighdeán, bunaithe ar thrí cholún: cosc agus idirghabháil luath; filleadh ar an obair; agus an meon i leith athimeascadh oibríthe a athrú.

Sa bhreis ar reachtaíocht mholta a leasú agus faireachán a dhéanamh ar obair eile an Choimisiúin i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ceirde, agus an obair sin a spreagadh, tá cur chuige i dtaca leis an ábhar ag an bParlaimint a fhéachann chun tosaigh, ag féachaint ar rioscaí nua a bhaineann le nuálaíocht theicneolaíoch agus athruithe gaolmhara in eagrúchán oibre.

[Aoife Kennedy / Zahra Boudalaoui-Buresi / Stefan Schulz](#)
12/2020

